Cúrsaí Inseirbhíse

Tá féilire oiliúna an téarma seo (M.F.-Nollaig) ar fáil ar shuíomh FNT

www.naionrai.ie/tacaiocht/oiliuint. Tá an-chuid cúrsaí ar siúl i réimsí éagsúla idir garchabhair, forbairt agus bainistíocht, scéalaíocht agus drámaíocht.

Mar aon leis na cúrsaí seo, tá cúrsa CDBÓ Leibhéal 5 ag tosnú Dé Máirt, **9ú Samhain** ó 7.00i.n.-9.45i.n., i mBaile Átha Cliath. Beidh muid ag tosnú leis an modúl 'Cúram Leanaí 0-6' seachas 'Luathoideachas' mar a d'fhógraíodh cheana.

Má tá suim agat freastal ar aon cheann de na cúrsaí seo déan teagmháil leis an oifig.

Ceistneoir

Tá ceistneoir curtha le chéile againn le heolas ar ghnéithe éagsúla san earnáil a bhailiú. Seolfaidh muid na moltaí ón gceistneoir chuig na dreamanna cuí, mar iarracht ghníomhach le feabhas agus forbairt na hearnála a chinntiú. Is deis mhaith í seo do na Stiúrthóirí tuairimí agus moltaí a chur in iúl agus táimid ag súil le do rannpháirtíocht.

Tá an ceistneoir ar fáil ar *www.surveymonkey.com/s/PNWYPSH* nó ar shuíomh gréasáin FNT go dtí 31ú D.F.

Léarscáil

Tá áis nua ar shuíomh FNT le sonraí teagmhála na Naíonraí go léir a léiriú - léarscáil de chuid GoogleMaps. Iarrann muid ar gach Stiúrthóir nach bhfuil seiceáil déanta aici/aige go fóill ar shuíomh agus ar shonraí a Naíonra féin, é a dhéanamh chomh luath agus is féidir, agus aon athruithe a sheoladh chuig *clar@naionrai.ie.*

Is féidir breathnú ar an léarscáil ar *www.naionrai.ie/learscail.ga.*

Naíonra Bellview Woods

Dátaí don dialann:

- 1/2/3ú D.F. Cruinniú Cinn Bhliana na Naíonraí Gaelacha
- 13/14ú D.F. Cúrsaí athnuachana garchabhrach i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh
- 9ú Samhain Cúrsa CDBÓ i Halla Fhoras na Gaeilge, Cearnóg Mhuirfean

Dán Duilleoga

Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí
Duilleoga deasa, deasa
Ag damhsa ar an gcraobh.

Duilleoga deasa, deasa
Duilleoga deasa buí
Duilleoga deasa, deasa,
Ag imeacht leis an ngaoth.

Duilleoga deasa, deasa,
Duilleoga deasa buí
Duilleoga deasa, deasa,
Ar thalamh ina luí

Tabhair cuairt orainn at line
www.naionrai.ie

Maoinithe ag:

Oifig an Aire Leanaí / Office of the Minister for Children

pobal

NDP National Development Plan Transforming Ireland

Foras na Gaeilge

Forbairt Naíonraí Teoranta

NaíNuacht

Meán Fómhair 2010 *Imleabhar 3, Eagrán 1*

Forbairt Naíonraí Teoranta

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9
Fón: (01) 853 5101
Facs: (01) 853 5197
Ríomhphost: eolas@naionrai.ie

San eagrán seo

Stiúrthóirí ag éiri as 2
Féilire ECCE 2
Suíomh gréasáin 2
Naíonraí Nua 3
Cúrsaí Inseirbhise 4
Dátai don dialann 4
Ceistneoir 4
Léarscáil 4
Dán 4

Fáilte ón bPríomhoifigeach

Fáilte roimh ár léitheoirí uile!

Tá súil agam gur bhain sibh go léir taitneamh agus tairbhe as na laethanta saoire, agus go bhfuil sibh ar fad réidh le tabhairt faoi obair thábhachtach an Naíonra – sealbhú na Gaeilge agus súgradh!

Bhí mé ag súil go mór le teacht ar ais chun na hoibre i ndiaidh an tsosa máithreachais ag tús an tsamhraidh agus na dúshláin ar fad a bhí romham; scéim ECCE, athruithe ar mhaoiniú na hearnála, cur i bhfeidhm Síolta agus foireann nua.

Tá samhail nua-mhaoinithe foilsithe ag Foras na Gaeilge le déanaí agus tá siad anois ag lorg aighneachtaí ón bpobal ar chur i bhfeidhm na samhla. Beidh FNT ag obair go dian dícheallach ar son earnáil na réamhscolaíochta le cinntiú go leanfar leis na tacaíochtaí agus leis na seirbhísí a chuireann FNT ar fáil don earnáil.

Le déanaí tá guth nua le cloisteáil nuair a scairteann sibh ar an oifig. Tá Clár Ní Chochláin tosaithe linn ó thosach an tsamhraidh. Bíonn Clár ag plé le cúrsaí árachais, leis an scéim fhóirdheontais agus le foilseacháin. Tá aithne agaibh go léir ar Sheán Ó hAdhmaill agus ar Sandra Ní Mhaoláin, agus iad beirt ag leanúint leis an obair mhór a rinne siad nuair a bhíos as láthair. Táim an-sásta go bhfuil foireann dhíograiseach, chairdiúil agus ghairmiúil ag gníomhú ar bhur son – déan teagmháil am ar bith, faoi rud ar bith agus déanfaimid gach iarracht cabhrú leat!

Táim ag tnúth le bualadh libh ar fad ag Comhdháil Na Naíonraí Gaelacha in Inis, Co. an Chláir, ag tús Dheireadh Fómhair.

Beirigí bua!

Clíona

Comhdháil na Naíonraí Gaelacha

Beidh Comhdháil NNG ar siúl ar an 1/2/3ú Deireadh Fómhair san Óstán Old Ground, Co. an Chláir.

Beidh sé á oscailt go hoifigiúil ag an tAire Pat Carey Dé hAoine ag 7.00i.n..

Beidh idir cheardlanna, chéilí agus chomhrá. Táimid ag súil le sibh go léir a fheiceáil ann!

Na páistí ó Naíonra Bellview Woods, Cill Airne.

Stiúrthóirí ag éirí as

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le cúigear Stiúrthóirí, atá ag éirí as i mbliana, as an sárobair atá déanta acu ina gcuid Naíonraí thar na blianta.

Beidh bronnadh á dhéanamh ar Pheig Uí Chaollaí (Naíonra Naithí), Nóirín Ní Bheoláin (Naíonra na Sionainne), Frances Uí hAirtnéada (Naíonra Mochuda), Nóilín Uí Riordáin (Naíonra Sonas) agus Máire Uí Thóibín (Naíonra Sonas) oíche Aoine 1 D.F. ag Cruinniú Cinn Bhliana na Naíonraí Gaelacha.

Tá brón orainn iad a chailliúint ach guímid rath agus sonas orthu go léir don todhchaí!

Páistí ó Naíonra Bhoisíní, Léim an Bhradáin

Tabhair cuairt ar bhlag FNT le heolas a fháil ar an earnáil, imeachtaí timpeall na tíre, agus mórán rudaí eile *http://naionrai.wordpress.com*

Bliain Réamhscoile Saor in Aisce

Seo a leanas téarmaí íocaíochtaí faoin scéim ECCE ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh:

Conradh 38 seachtaine	***Conradh 50 seachtaine***
Meán Fómhair – Nollaig (16 seachtaine)	Meán Fómhair – Nollaig (17 seachtaine)
Eanáir – Márta (11 seachtaine)	Eanáir – Márta (13 seachtaine)
Aibreán – Meitheamh (11 seachtaine)	Aibreán – Meitheamh (12 seachtaine)
	Iúil – Lúnasa (8 seachtaine)

Ba chóir do sholáthraithe cóip den pholasaí táillí agus de cháipéisí eile, a thugtar do thuismitheoirí, a choinneáil. Ba chóir cóip d'fhéilire an Naíonra a thabhairt chuig tuismitheoirí in éineacht leis an bhfoirm dhearbhaithe tuismitheora, chomh maith.

- alt ó nuachtlitir CCL Baile Átha Cliath Theas

An chéad sheachtain i Naíonra Spraoi Chill Mhantáin

Suíomh gréasáin

Tá sé i gceist againn suíomh FNT www.naionrai.ie a fhorbairt mar áis luachmhar do Stiúrthóiri, do thuismitheoirí agus don phobai i gcoitinne. Le gnéithe nua ar an suíomh mar an leathanach 'Folúntais', an léanscáil, nuacht faoi chursaí oiliúna agus foirmeacha reatha do na sceimeanna eagsúla a bheith ar fáil, tá tús curtha leis an obair cheana. Ta' i bhfad nios mó oibre le déanamh, áfach, le suíomh d'ardchaighdeán le heolas úsáideach a bheith ar fáil.

Sin an fáth go bhfuil muid ag lorg do chabhair Má tá moltaí nó tuairimí ar bith agat faoin suíomh, nó faoi ábhair go gceapann tú gur cheart a bheith ar fái1, beidh muid fiorshásta iad a chloistéail.

Fás 200% i líon na Naíonraí nua ag oscailt i 2010

Fáiltíonn Forbairt Naíonraí Teoranta roimh 18 naíonraí nua mí Meán Fómhair 2010 a bheas ag oscailt a gcuid doirse don chéad uair i mbliana. Tá an figiúr seo méadaithe go mór ón 5 Naíonra nua a d'oscail i 2009.

Is iad na Naíonraí atá i gceist ná:-

- *Naíonra Links, Port Mearnóg, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra Céimeanna Beaga, Ard Aidhin, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra Tír na nÓg, Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra Páistí na Beatha, Sord, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra Links, Droim Conrach, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra Bogha Báistí, Inse Chór, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra na Seanscoile, Leamhcán, Baile Átha Cliath*
- *Naíonra Montessori Matters, Leamhcán, Baile Átha Cliath*
- *Spraoi Chill Mhantáin, Ráth Naoi, Co. Chill Mhantáin*
- *Naíonra Bhóin Dé, Droichead Nua, Co. Chill Dara*
- *Naíonra Boisíní, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara*
- *Naíonra Spraoi le Chéile, Sráidbhaile Liatroma, Co. Liatroma*
- *Naíonra Jigsaw, Port Láirge*
- *Naíonra Bóthar na Modhfheirme, Corcaigh*
- *Naíonra Pobail an Sciobairín, An Sciobairín, Co. Chorcaí*
- *Naíonra Bellview Woods, Cill Airne, Co. Chiarraí*
- *Naíonra Ghuaire, Guaire, Co. Loch Garman*
- *Naíonra an Choillín, An Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí*

Dúirt **Cathaoirleach Fhorbairt Naíonraí Teoranta, Máire Uí Bhriain:** 'Is dul chun cinn iontach é seo. Tá fás mór tagtha ar líon na naíonraí agus líon na leanaí ag freastal ar sheirbhísí naíonraí. Tugann na seirbhísí seo tacaíocht do thuismitheoirí gur mian leo an Ghaeilge a úsáid lena leanaí óga chomh maith le cúram leanaí ar ardchaighdeán dá leanaí.'

Dúirt **Clíona Frost, Príomhoifigeach Fhorbairt Naíonraí Teoranta:** 'Guímid gach rath ar na Naíonraí nua, na Príomh Stiúrthóirí agus Stiúrthóirí maraon leis na leanaí atá ag tosú amach i ré nua thábhachtach ina saol agus a dtuismitheoirí ar an ócáid bhródúil seo. Guímid gach rath freisin ar gach Naíonra atá ag ath-oscailt na doirsí agus ag tabhairt faoi bhliain úr agus iad ag saothrú leo ag cur cúram ar ardchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge.'

Forbairt Naíonraí Teoranta

Áiseanna spraíúla agus spreagúla d'úsáid na Gaeilge sa seomra ranga nó sa bhaile.
Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin leis na háiseanna go léir a fheiceáil
www.naionrai.ie

Teil: (01) 853 5101
R-phost: eolas@naionrai.ie

Maoinithe ag:

Na cailíní ó Naíonra Bhóin Dé, Cill Dara

Eolas á lorg don chéad nuachtlitir eile, seol ailt, fógraí, grianghraif, &rl. chuig *clar@naionrai.ie*